II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2020/1420 ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Deireadh Fómhair 2018**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, agus go háirithe Airteagal 6(2) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Iúil 1995, síníodh sa Bhruiséil an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile ([1]), ("an Comhaontú"). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Márta 1998.

(2) Tá Poblacht na Cróite ina Ballstát den Aontas Eorpach ón 1 Iúil 2013.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, tá aontachas Phoblacht na Cróite leis an gComhaontú le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú ("an Prótacal"). Faoi nós imeachta simplithe, tá prótacal le tabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú tír lena mbaineann.

(4) An 14 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann i bhfianaise aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas. Tugadh an chaibidlíocht le Poblacht na Túinéise i gcrích go rathúil an 11 Bealtaine 2018.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais agus a Bhallstát agus ba cheart é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta is gá chun é a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát, a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin. ([2])

([1]) IO L 97, 30.3.1998, lch. 2.
([2]) Níl ann do théacs an Phrótacail seo sa Ghaeilge.

*Airteagal 2*

Leis seo, tugtar údarás d'Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a dtugtar de chumhacht dó nó dóibh an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach amhail ón 1 Iúil 2013, go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta is gá chun é a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 15 Deireadh Fómhair 2018.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES